II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1664 ÓN gCOIMISIÚN

an 25 Lúnasa 2023

lena leasaítear Iarscríbhinní V, XIV agus XV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a mhéid a bhaineann leis na hiontrálacha a bhaineann leis an Airgintín, leis an Ríocht Aontaithe agus leis na Stáit Aontaithe ar na liostaí de thríú tíortha atá údaraithe maidir le coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis, de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim a theacht isteach san Aontas

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe') ([1]), agus go háirithe Airteagal 230(1) agus Airteagal 232(1) agus (3) de.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Foráiltear le Rialachán (AE) 2016/429 nach mór do choinsíneachtaí d'ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht ó thríú tír nó ó chríoch, nó ó chrios nó ó dheighleog de thríú tír nó de chríoch, a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 230(1) den Rialachán sin chun teacht isteach san Aontas.

(2) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún ([2]) leagtar síos na ceanglais sláinte ainmhithe nach mór do choinsíneachtaí speiceas agus catagóirí áirithe d'ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch a chomhlíonadh chun teacht isteach san Aontas ó thríú tíortha nó ó chríocha nó ó chriosanna de thríú tír nó de chríoch, nó ó dheighleoga de thríú tír nó de chríoch i gcás ainmhithe uisceacha.

(3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún ([3]) bunaítear na liostaí de thríú tíortha, nó de chríocha nó criosanna nó deighleoga de thríú tír nó de chríoch, óna gceadaítear do na speicis agus do na catagóirí ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a thagann faoi raon feidhme Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 teacht isteach san Aontas.

(4) Go háirithe, le hIarscríbhinní V, XIV agus XV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 leagtar amach anois na liostaí de thríú tíortha, nó de thríú críocha nó de chriosanna de thríú tír nó de chríoch atá údaraithe i dtaca le coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis, de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr agus táirgí feola ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim a theacht isteach san Aontas.

([1]) IO L 84, 31.3.2016, lch. 1.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le coinsíneachtaí ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí áirithe de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas, agus maidir lena ngluaiseacht agus lena láimhseáil tar éis iad teacht isteach (IO L 174, 3.6.2020, lch. 379).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos na liostaí de thríú tíortha, de thríú críocha nó de chriosanna díobh óna gceadaítear ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch teacht isteach san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 114, 31.3.2021, lch. 1).

(5) Liostaítear an Airgintín in Iarscríbhinn XIV mar thríú tír óna n-údaraítear coinsíneachtaí d'fheoil úr agus táirgí feola ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim a theacht isteach san Aontas, a bhfuil dáta deiridh an 28 Feabhra 2023 leis de bharr ráig den fhliú éanúil ardphataigineach. Liostaítear an Airgintín freisin in Iarscríbhinn XV mar thríú tír óna n-údaraítear coinsíneachtaí táirgí feola ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim a theacht isteach san Aontas, faoi réir chóireáil laghdaithe riosca D, i gcomhréir le hIarscríbhinn XXVI a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692.

(6) An 10 Lúnasa 2023, chuir an Airgintín isteach chuig an gCoimisiún faisnéis nuashonraithe maidir leis an staid eipidéimeolaíoch ina críoch i ndáil le ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach (HPAI), ráigeanna a dearbhaíodh i mbunaíochtaí éanlaithe clóis idir an 28 Feabhra 2023 agus an 14 Meitheamh 2023, agus maidir leis na bearta atá déanta aici chun leathadh breise an ghalair sin a chosc. Thar aon ní eile, tar éis na ráigeanna sin den fhliú éanúil ardphataigineach, tá na bearta a leagtar síos in Airteagal 38(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 curtha chun feidhme ag an Airgintín, eadhon beartas díothaithe chun leathadh an ghalair sin a rialú agus a theorannú, glantachán agus díghalrú leormhaith tar éis chur chun feidhme an bheartais díothaithe ar na bunaíochtaí a bhí buailte, maille le clár faireachais ábhartha lena dtaispeántar nach bhfuil ionfhabhtú ann sna daonraí a bhfuil baol ann ina leith.

(7) Rinne an Coimisiún meastóireacht ar an bhfaisnéis a chuir an Airgintín isteach agus tháinig sé ar an gconclúid go bhfuil na ráigeanna sin den fhliú éanúil ardphataigineach díothaithe agus nach bhfuil riosca ag baint a thuilleadh le teacht isteach coinsíneachtaí d'fheoil úr agus de tháirgí feola ón Airgintín, áit óna raibh toirmeasc ar na coinsíneachtaí sin a theacht isteach san Aontas.

(8) Tá fógra tugtha ag an Ríocht Aontaithe don Choimisiún faoi thrí ráig den fhliú éanúil ardphataigineach (HPAI) in éanlaith chlóis in Albain, i limistéir chomhairle Aberdeenshire (2) agus Dumfries agus Galloway (1), ráigeanna a deimhníodh le hanailís saotharlainne (RT-PCR) an 14 Lúnasa 2023.

(9) Tar éis na ráigeanna deireanacha sin den fhliú éanúil ardphataigineach, bhunaigh údaráis tréidliachta na Ríochta Aontaithe criosanna srianta de 10 km ar a laghad timpeall ar na bunaíochtaí a bhí buailte agus chuir siad beartas díothaithe chun feidhme chun láithreacht an fhliú éanúil ardphataiginigh a rialú agus chun leathadh an ghalair sin a theorannú.

(10) Tá faisnéis curtha faoi bhráid an Choimisiúin ag an Ríocht Aontaithe maidir leis an staid eipidéimeolaíoch ar a críoch agus maidir leis na bearta atá déanta aici chun leathadh breise an fhliú éanúil ardphataiginigh a chosc.

(11) Rinne an Coimisiún meastóireacht ar an bhfaisnéis sin. I bhfianaise na staide sláinte ainmhithe sna limistéir atá faoi shrianta arna mbunú ag údaráis tréidliachta na Ríochta Aontaithe, measann an Coimisiún gur cheart teacht isteach coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis, de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim sna limistéir sin a chur ar fionraí san Aontas, chun stádas sláinte ainmhithe an Aontais a chosaint.

(12) Chuir na Stáit Aontaithe faisnéis nuashonraithe ar fáil maidir leis an staid eipidéimeolaíoch ar a críoch a mhéid a bhaineann leis an bhfliú éanúil ardphataigineach ba chúis le teacht isteach roinnt táirgí san Aontas a chur ar fionraí, mar a leagtar amach in Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

(13) Go sonrach, chuir na Stáit Aontaithe faisnéis nuashonraithe isteach maidir leis an staid eipidéimeolaíoch ar a gcríoch i ndáil le trí ráig den fhliú éanúil ardphataigineach i mbunaíochtaí éanlaithe clóis i stáit Nevada, Nua-Eabhrac agus South Dakota, ráigeanna a deimhníodh an 17 Deireadh Fómhair 2022 agus an 22 Márta 2023.

(14) Chuir na Stáit Aontaithe faisnéis isteach freisin faoi na bearta a rinneadh chun leathadh breise an fhliú éanúil ardphataiginigh a chosc. Go sonrach, tar éis na ráigeanna sin den ghalar sin, tá beartas díothaithe curtha chun feidhme ag na Stáit Aontaithe chun leathadh an ghalair sin a rialú agus a theorannú, agus tá na bearta glantacháin agus díghalraithe is gá curtha i gcrích ag an tríú tír sin freisin tar éis chur chun feidhme an bheartais díothaithe maidir leis na bunaíochtaí éanlaithe clóis ionfhabhtaithe ar a gcríoch.

(15) Rinne an Coimisiún meastóireacht ar an bhfaisnéis a chuir na Stáit Aontaithe isteach. Measann an Coimisiún go bhfuil ráthaíochtaí iomchuí tugtha ag na Stáit Aontaithe nach bagairt do shláinte ainmhithe ná don tsláinte phoiblí laistigh den Aontas a thuilleadh í an staid sláinte ainmhithe ba chúis leis an bhfionraí, agus, dá bhrí sin, gur cheart teacht isteach san Aontas tráchtearraí éanlaithe clóis ó na criosanna lena mbaineann sna Stáit Aontaithe óna raibh teacht isteach san Aontas curtha ar fionraí a athúdarú.

(16) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinní V, XIV agus XV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a leasú chun an staid eipidéimeolaíoch atá ann faoi láthair a chur san áireamh a mhéid a bhaineann leis an bhfliú éanúil ardphataigineach san Airgintín, sa Ríocht Aontaithe agus sna Stáit Aontaithe.

(17) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1603 ón gCoimisiún ([4]) leasaíodh Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 trí dhá oscailte chrios US-2.363 a bhí iata roimhe sin a leagan síos sna hiontrálacha le haghaidh na Stát Aontaithe. Braitheadh earráid sa ró le haghaidh an chreasa sin i gCuid 1, Roinn B d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin. Dá bhrí sin, is iomchuí an Iarscríbhinn sin a cheartú dá réir sin.

(18) Agus an staid eipidéimeolaíoch atá ann faoi láthair sa Ríocht Aontaithe á cur san áireamh a mhéid a bhaineann leis an bhfliú éanúil ardphataigineach agus chun cur isteach neamhriachtanach ar thrádáil leis an Airgintín agus leis na Stáit Aontaithe a sheachaint, ba cheart éifeacht a bheith leis na leasuithe atá le déanamh ar Iarscríbhinn V, XIV agus XV a ghabhann le ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 leis an Rialachán seo mar ábhar práinne.

(19) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404

Leasaítear Iarscríbhinní V, XIV agus XV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Ceartúchán ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404

Ceartaítear Iarscríbhinní XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 i gcomhréir le Cuid II den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm agus infheidhmeacht

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Mar sin féin, beidh feidhm ag Cuid II den Iarscríbhinn ón 8 Lúnasa 2023.

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1603 ón gCoimisiún an 4 Lúnasa 2023 lena leasaítear Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a mhéid a bhaineann leis na hiontrálacha a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe ar liostaí tríú tíortha atá údaraithe maidir le coinsíneachtaí d'éanlaith clóis, de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus d'éin ghéim a theacht isteach san Aontas (IO L 197, 7.8.2023, lch. 1).

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 25 Lúnasa 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

CUID I

Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404

Leasaítear Iarscríbhinní V, XIV agus XV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 mar a leanas:

(1) Leasaítear Iarscríbhinn V mar a leanas:

(a) i gCuid 1, leasaítear Roinn B mar a leanas:

(i) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear isteach na rónna seo a leanas le haghaidh chriosanna GB-2.312, GB-2.313 agus GB-2.314 tar éis an ró le haghaidh chrios GB-2.311:

‘**GB** An Ríocht Aontaithe	GB-2.312	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		14.8.2023	
	GB-2.313		N, P1		14.8.2023	
	GB-2.314		N, P1		14.8.2023’	

(ii) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.313:

‘**US** Na Stáit Aontaithe	US-2.313	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		17.10.2022	13.8.2023’

(iii) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.445:

‘**US** Na Stáit Aontaithe	US-2.445	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		22.3.2023	19.8.2023’

(iv) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.448:

‘**US** Na Stáit Aontaithe	US-2.448	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		22.3.2023	21.8.2023’

(b) I gCuid 2, san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear isteach na tuairiscí seo a leanas ar chriosanna GB-2.312, GB-2.313 agus GB-2.314 tar éis na tuairisce ar chrios GB-2.311:

'An Ríocht Aontaithe	GB-2.312	gar do Fraserburgh, Aberdeenshire, Albain, GB An limistéar atá laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 10 km, agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí deachúlacha WGS84 seo a leanas, Domhanleithead: N57.67 agus Domhanfhad: W1.98
	GB-2.313	gar do Fraserburgh, Aberdeenshire, Albain, GB An limistéar atá laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 10 km, agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí deachúlacha WGS84 seo a leanas, Domhanleithead: N57.67 agus Domhanfhad: W2.00
	GB-2.314	gar do Kirkcudbright, Dumfries agus Galloway, Albain, GB An limistéar atá laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 10 km, agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí deachúlacha WGS84 seo a leanas, Domhanleithead: N54.80 agus Domhanfhad: W4.03'

(2) in Iarscríbhinn XIV, Cuid 1, leasaítear Roinn B mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann leis an Airgintín:

'**AR** An Airgintín	AR-0	POU, RAT, GBM	P1		28.2.2023	10.8.2023'

(b) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear isteach na rónna seo a leanas le haghaidh chriosanna GB-2.312, GB-2.313 agus GB-2.314 tar éis na rónna le haghaidh chrios GB-2.311:

'**GB** An Ríocht Aontaithe	GB-2.312	POU, RAT	N, P1		14.8.2023	
		GBM	P1		14.8.2023	
	GB-2.313	POU, RAT	N, P1		14.8.2023	
		GBM	P1		14.8.2023	
	GB-2.314	POU, RAT	N, P1		14.8.2023	
		GBM	P1		14.8.2023'	

(c) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios US-2.313:

'**US** Na Stáit Aontaithe	US-2.313	POU, RAT	N, P1		17.10.2022	13.8.2023
		GBM	P1		17.10.2022	13.8.2023'

(d) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios US-2.445:

‘**US** Na Stáit Aontaithe	US-2.445	POU, RAT	N, P1		22.3.2023	19.8.2023
		GBM	P1		22.3.2023	19.8.2023’

(e) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios US-2.448:

‘**US** Na Stáit Aontaithe	US-2.448	POU, RAT	N, P1		22.3.2023	21.8.2023
		GBM	P1		22.3.2023	21.8.2023’

(3) in Iarscríbhinn XV, Cuid 1, Roinn A, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann leis an Airgintín:

‘**AR** An Airgintín	AR-0	C	C	C	C	C	C	C	A	A	D	**MPNT** (**) **MPST**	
	AR-1	C	C	C	C	C	C	C	A	A	D	**MPNT** (**) **MPST**	
	AR-2	A	A	C	A	A	C	C	A	A	D	**MPNT** (**) **MPST’**	

CUID II

Ceartúchán ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404

In Iarscríbhinn XIV, i gCuid 1, Roinn B, san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear isteach an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios US-2.363:

‘**US** Na Stáit Aontaithe	US-2.363	POU, RAT	N, P1		29.11.2022	22.6.2023
		GBM	P1		29.11.2022	22.6.2023’.